




**Tailte
Éireann**

Clárúchán, Luacháil,
Suirbhéireacht
Registration, Valuation,
Surveying

Tailte Éireann Tuarascáil Bhliantúil 2023



Ár Misean

Chun seirbhísí clárúcháin, luachála agus suirbhéireachta de thalamh a théann chun sochair shochaí agus gheilleagar na hÉireann a sholáthar

Ár bhFís

A bheith mar sholáthraí údarásach de sheirbhísí talaimh agus maoine digiteacha den chéad scoth

Ár Luachanna

Ionracas
Gairmiúlacht
Nuálaíocht Meas
Cuntasacht
Trédhearcacht

Ábhair

Brollach.....	4
An Bhoird.....	5
An Bord Bainistíochta	7
An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca.....	8
Réamhrá	9
Rialachas.....	10
Achoimre ar Struchtúr agus Feidhmeanna.....	11
Gnóthaí Corparáideacha	13
Clárúchán	18
Luacháil.....	21
Suirbhéireacht.....	24
Brandáil, Imeachtaí agus For-Rochtain	26
Tuarascáil Airgeadais.....	28

Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is onóir dom an chéad Tuarascáil Bhliantúil seo, ó Tailte Éireann, a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is é an tréimhse a chumhdaítear ná deich mí ón dáta bunaithe ar an 1 Márta go dtí an 31 Nollaig 2023.

Cheadaigh an tAire an chéad Ráiteas Straitéise ó Tailte Éireann do na blianta 2023 go 2026 a leagadh faoi bhráid an Oireachtais i mí na Nollag. Sheol an tAire Stáit Kieran O'Donnell é i mí Eanáir 2024.

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh forbairtí suntasacha sa chéim mhúnlaithreach seo de Tailte Éireann. Rinneamar dul chun cinn suntasach, i gclár ilbhliantúil, maidir le hoibriú i dtreo comhtháthú iomlán na ndaoine, na gcóras, na bpróiseas, agus bhunaíomar na struchtúir agus an clár athraithe atá riachtanach chun sineirgí féideartha an chumaisc a bhaint amach agus chun an straitéis a chur i gcrích. Cloch mhíle thábhachtach ba ea an t-atheagrú ar an struchtúr foirne agus bainistíochta foriomlán, inar aithníodh líon sách ard folúntais oidhreachta san fhórsa saothair. Is tosaíocht ríthábhachtach í líonadh na bhfolúntas sin. Táimid ag baint úsáid as an réimse iomlán de roghanna earcaíochta atá ar fáil chun Tailte Éireann a chur chun cinn mar fhostóir roghnaithe agus chun cumaisc agus tallann nua a mhealladh chuig an eagraíocht. I dteannta leis an struchtúr nua a chur i bhfeidhm, tá na rialuithe rialachais, comhlíonta agus airgeadais riachtanacha curtha i bhfeidhm.

Leanadh ar aghaidh leis na hoibríochtaí "gnó mar is gnách" in 2023 agus athbhreithniú iomlán á dhéanamh ar gach feidhm oibriúcháin agus ar leibhéal soláthair seirbhíse. Bhunaigh an t-athbhreithniú seo dúshlán shuntasacha oibriúcháin agus seirbhíse ar ghá aghaidh a thabhairt orthu. Chuir cur i bhfeidhm na n-athruithe ar an bpróiseas oibriúcháin tosaigh le dul chun cinn agus feabhsuithe dearfacha agus luatha i soláthar seirbhíse oibriúcháin i gClárú, Luacháil agus Suirbhéireacht. I measc na mbuaicphointí eile tá críochnú Chlár Athluachála 2023 do sheacht limistéar údarais áitiúil, seoladh brandála nua Tailte Éireann agus seoladh córas nua TF den

scoth sa Luacháil, a chumasaíonn soláthar seirbhíse digiteacha anois.

Tá comhoidhreachta agus stair chomhroinnte ag na trí eagraíocht oidhreachta, a tháinig le chéile chun Tailte Éireann a chruthú, thar trí chéad bliain. Aithnímid gur caomhnóirí sinn ar chartlanna comhcheangailte ar acmhainn luachmhar iad don Stát. Ag tógáil ar bhonn láidir, táimid ag obair chun na taifid agus déantáin stairiúla seo a chaomhnú agus a chur chun cinn ionas go mbeidh siad inrochtana do chách.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do ról Bhord Tailte Éireann mar atá leagtha amach san Acht um Tailte Éireann 2022 agus buíochas a ghabháil leo as a gcomhairle agus a n-ionchur sa Ráiteas Straitéise. Gabhaim buíochas mar an gcéanna leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien TD, leis an Aire Stáit le freagracht as Rialtas Áitiúil agus Pleanála, Kieran O'Donnell TD agus na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do a dtacaíocht. Gabhaim buíochas le Liz Pope, Iar-Phríomhfheidhmeannach Gníomhach, agus leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca as a dtacaíocht dom mar Oifigeach Cuntasaíochta. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas agus mo mheas a ghabháil leis an bhfoireann i dTailte Éireann a thacaigh agus a d'oiriúinigh gan cheist do na hathruithe suntasacha go dtí seo agus atá tiomanta d'oiriúnú do na hathruithe breise atá riachtanach chun leanúint ar aghaidh le go n-éireoidh leis an eagraíocht cumaiscthe nua.

Cruthaíonn an cumasc seo deiseanna agus dúshlán. Táim cinnte go bhfuil foireann aontaithe Tailte Éireann tiomanta go hiomlán d'eagraíocht láidir a thógáil le chéile le cultúr ardfeidhmíochta agus nuálaíochta a sheachadann seirbhís agus taithí den scoth do chustaiméirí.

Liam O' Sullivan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Meitheamh 2024

Ráiteas ó Chathaoirleach Bhord Tailte Éireann

Tá áthas orm fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil Tailte Éireann 2023, an chéad tuarascáil dá leithéid ó bunaíodh Tailte Éireann i mí an Mhárta 2023.

In 2023, d'fhoilsigh Tailte Éireann a Ráiteas Straitéise 2023 – 2026 a d'fhaomh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien TD. Bhí lúcháir orm nuair a sheol an tAire Rialtais Áitiúil agus Pleanála ag an am, Kieran O'Donnell TD é seo i mí Eanáir 2024. Chuaigh an Príomhfheidhmeannach agus an Príomhfheidhmeannach Gníomhach i gcomhairle, de réir mar ba ghá, leis an mBord agus an ráiteas straitéise á ullmhú agus chuir an Bord a chomhairle agus a threoir ar fáil.

Is ról comhairleach é ról an Bhoird seachas ról maoirseachta nó stiúirthóra, is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach astu sin faoin Acht Tailte Éireann. Ina fhianaise sin le linn 2023, chomhlíon an Bord a shainordú, bhí ceangail ar leis seo, treoir a thabhairt ar threo straitéiseach Tailte Éireann,

treoir agus comhairle a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach maidir le feidhmíocht Tailte Éireann ar a fheidhmeanna agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an ráitis straitéise ag an bPríomhfheidhmeannach. Tugtar faoi ról maoirseachta an Bhoird, mar atá leagtha amach san Acht um Tailte Éireann, i gcomhthéacs fhreagracht an Phríomhfheidhmeannaigh amháin as cur i bhfeidhm straitéise agus feidhmíocht Tailte Éireann.

Le linn 2023, dhírigh an Bord a phlé ar fhís straitéiseach, ar shainordú agus ar mhisean Tailte Éireann, agus ar thorthaí straitéiseacha an ráitis straitéise a thugann tosaíocht do chomhtháthú Tailte Éireann, forbairt seirbhísí atá bunaithe ar shonraí, barrfheabhsú de sheirbhísí talaimh, réadmhaoine agus geospásúla agus infheistíocht a dhéanamh ina fhoireann. Rinne an Bord athbhreithniú agus plé chomh maith ar thuarascálacha feidhmíochta, pleananna gníomhaíochta agus tionscnaimh tionscadail éagsúla atá á ndéanamh agus á bhforbairt chun cuspóirí Tailte Éireann a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Darragh O'Brien TD, leis an Aire Kieran O'Donnell TD agus leis an Aire Alan Dillon TD agus leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a dtacaíocht ó bunaíodh é. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo chomhaltaí ar an mBord as a dtacaíocht agus a dtiomantas le linn 2023. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Liam O'Sullivan agus leis an bPríomhfheidhmeannach Gníomhach Liz Pope agus buíochas a ghabháil le rúnaithe agus foireann an Bhoird as a dtacaíocht don Bhord le linn 2023.

David McGarry,

Cathaoirleach

Bord

Ballraíocht an Bhoird in 2023:

- David McGarry, Cathaoirleach
 - Martin Sisk
 - Rowena Mulcahy
 - Mary Keane
 - Shirley Coulter
 - Deirdre O'Keeffe
 - Gerard Quinn
-
- Aileen McHugh, Rúnaí an Bhoird

Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gCuid 2 alt 10 den [Acht um Tailte Éireann 2022](#).

Tá Téarmaí Tagartha an Bhoird agus an Cód Iompair araon foilsithe ar ár suíomh gréasáin www.tailte.ie.

An Bhoird Bainistíochta

Ballraíocht an Bhoird Bainistíochta in 2023:

- Liam O'Sullivan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Aileen McHugh, Ceann Foirne
- Fiona Coyne, Príomhoifigeach Gnóthaí Corparáideacha
- Liz Pope, Príomhoifigeach Oibríochtaí Clárúcháin
- Colm Lavery, Príomhoifigeach Oibríochtaí Luachála
- Colin Bray, Príomhoifigeach Oibríochtaí Suirbhéireachta
- Liam Butler, Príomhoifigeach Faisnéise (Gníomhach)
- Jean Murray, Ceann Acmhainní Daonna
- James O'Boyle, Ceann Airgeadais
- Aidan Timmins, Ceann Rialachais, Comhlíonta agus Feabhais (Rúnaí)

An Coiste Iniúcháireachta

Ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2023:

- Michael Flynn, Cathaoirleach
- Patricia Cronin
- Martin Sisk

- Aileen McHugh, Rúnaí an Choiste

Is é Tailte Éireann a cheapann an Coiste Iniúchta agus Riosca go foirmiúil, agus cuireann sé comhairle ar an bPríomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasaíochta Tailte Éireann.

Réamhrá

Is comhlacht de chuid na Státseirbhíse é Tailte Éireann a bunaíodh an 1 Márta 2023, de bhun Acht Tailte Éireann 2022 (an tAcht). Aistríodh na feidhmeanna go léir a bhí dílsithe don Údarás Clárúcháin Maoine, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an Coimisinéir Luachála agus an Príomh-Shuirbhéir Teorann díreach roimh an lá bunaithe, chuig an eagraíocht nua-chumaiscthe. Tá Tuarascáil Bhliantúil deiridh den Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, suas go dtí deireadh mhí Feabhra 2023, curtha faoi bhráid an Aire. Mar a fhoráiltear in alt 23(2) den Acht, ullmhaíodh an tuarascáil seo maidir leis na deich mí dar tosach lá bunaithe Tailte Éireann ar an 1 Márta 2023 agus dar críoch ar an 31 Nollaig 2023 agus clúdaíonn sí Eanáir agus Feabhra don Údarás Clárúcháin Maoine agus an Oifig Luachála.

Mar chomhlacht státseirbhíse a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) agus an Achta, tá Tailte Éireann neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus tá a struchtúr dhlíthiúla, oibriúcháin, bhainistíochta agus rialachais inmheánacha féin aige.

Díríodh in 2023 ar chomhtháthú na dtrí chomhlacht cumaisc. Bhí athstruchtúrú na heagraíochta rithábachtach don chomhtháthú a thosaigh le líonadh na bpost bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear poist an Phríomhfheidhmeannaigh. Críochnaíodh clár chun an struchtúr eagraíochtúil nua a dhearadh chun breis agus 1,000 post a chlúdach.

Ag an am céanna le líonadh post agus le forbairt struchtúr nua, díríodh go mór ar a chinntiú go gcomhlíonann Tailte Éireann a riachtanais rialachais agus chun cultúr agus éiteas a fhorbairt agus a thacú a chinntíonn iompar le hionracas, tiomantas láidir do luachanna eiticíúla agus meas ar riail an dlí. Ba iad na príomhdhoiciméid a forbraíodh an Creat Rialachais Chorparáidigh, an Creat na dTascanna, Téarmaí Tagartha an Bhoird Bainistíochta agus Cód Iompair agus Téarmaí Tagartha Bhord Tailte Éireann; tá na doiciméid sin ar fáil go poiblí ar ár suíomh gréasáin.

Cheadaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Ráiteas Straitéise agus comhroinneadh é leis na páirtithe leasmhara go léir. Rinneadh gach comhairliúchán riachtanach inmheánach agus seachtrach ar an Ráiteas Straitéise. Soláthraíonn an Straitéis treoir straitéiseach don chéad trí bliana de Tailte Éireann agus leagann sí amach misean, fíis, luachanna, spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha.

Bhí ár ndaoine lárnach sa phróiseas comhtháthaithe agus bhí teagmháil agus idirphlé leanúnach ar siúl leis an bhfoireann ar fad ag gach ionad ar fud na tíre. Forbraíodh suíomh gréasáin comhtháite nua, mar aon le cainéil nua meán sóisialta, chun gach custaiméir agus úsáideoir seirbhíse a choinneáil ar an eolas agus chun feasacht a chothú ar an eagraíocht nua.

Rialachas

Faoin Acht um Tailte Éireann 2022, is comhlacht de chuid na Státseirbhíse é Tailte Éireann a bhfuil a Vóta agus Oifigeach Cuntasaíochta (an Príomhfheidhmeannach) féin aige. Chomh maith leis an Acht, tá rialachas bunaithe ar an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís agus ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá feidhmiú éifeachtach an chreata seo riachtanach do bhainistíocht agus rialú cuí, chomh maith le dearbhú a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara amhail an Oireachtas, saoránaigh, custaiméirí, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú NDP, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus daoine eile.

Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisc chomhlíonta don Aire gach bliain, in éineacht leis an Tuarascáil Bhliantúil. Ina theannta sin, tá Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais, a chuireann síos ar an timpeallacht rialaithe airgeadais inmheánaigh a bhí i bhfeidhm in 2023, san áireamh sa Chuntas Leithreasa.

Soláthraíonn soláthraí seirbhíse seachtrach an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh i dTailte Éireann. Ullmhaíodh tuarascálacha iniúchta inmheánaigh ar Phríomhrialuithe Inmheánacha Airgeadais agus ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh in 2023 agus go luath in 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca iad.

Oibríonn Tailte Éireann leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun rialachas éifeachtach a chinntiú. Áirítear leis seo forbairt ar Chomhaontú Maoirseachta agus ar Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta, a chuireann an próiseas maoirseachta ar na haschuir agus na torthaí a theastaíonn ar bhonn foirmiúil. Foilsítear na doiciméid rialachais riachtanacha go léir ar ár suíomh gréasáin.

Achoimre ar Struchtúr agus Feidhmeanna

Tá ceithre phríomhfheidhm ag Tailte Éireann, agus tá Príomhoifigeach ag leibhéal an Ard-Rúnaí Cúnta i gceannas ar gach feidhm.

1. Gnóthaí Corparáideacha;
2. Clárúchán;
3. Luacháil;
4. Suirbhéireacht.

Tá cur síos ar phríomhfhreagrachtaí gach feidhme sna hailt seo a leanas.

1 Gnóthaí Corparáideacha

Is iad príomhfhreagrachtaí na feidhme seo:

- Acmhainní Daonna;
- Airgeadas;
- Rialachas, Comhlíonadh agus Sármhaitheas;
- Bainistíocht Chláir;
- Nuálaíocht agus Forbairt Seirbhíse;
- TFC;
- Riarachán Corparáideach.

Tá an príomhról ag Gnóthaí Corparáideacha maidir le seirbhísí comhroinnte uile Tailte Éireann a chomhtháthú agus a bhainistiú, chomh maith le rannpháirtíocht chorparáideach na heagraíochta lena comhpháirtithe rialtais agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú NDP agus an tOireachtas.

2 Clárúchán

Tá an fheidhm Chlárúcháin freagrach as talamh a chlárú agus as idirbhearta a bhaineann le réadmhaoin in Éirinn a thaifeadadh. Tá freagracht uirthi as Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas, agus feidhmíonn sí an Scéim Cheannaigh maidir le Cíosanna Talún faoi na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí. Is é cuspóir an chlárúcháin córas dlí slán, iontaofa agus éifeachtach a sholáthar chun úinéireacht réadmhaoine agus leasanna eile a chlárú. Cuireann an córas seo, in éineacht leis na seirbhísí cuardaigh agus cóipeála curtha ar fáil, ar chumas idirbhearta réadmhaoine agus airgeadais gaolmhara a dhéanamh faoi rún.

Achoimre ar Struchtúr agus Feidhmeanna

3 Luacháil

Tá an fheidhm seo freagrach as luacháil réadmhaoine inráitithe agus as freagairt d'achomhairc a dhéantar leis an mBinse Luachála agus as bainistíocht agus ullmhú achomharc chuig na hArd-Chúirteanna. Tá freagracht uirthi as an gClár Náisiúnta Athluachála ar gach réadmhaoin inráitithe a sheachadadh ar bhonn leanúnach chun bonn cothrom le dáta, cóir agus cothrom a sholáthar do rátaí tráchtála na n-údarás áitiúil agus as clár athbhreithnithe leanúnaigh ar luachálacha inráitithe a sheachadadh. Soláthraíonn an fheidhm seo freisin seirbhís luachála do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí poiblí eile.

4 Suirbhéireacht

Tá freagracht ar an bhfeidhm seo as oibriú na seirbhíse léarscáilíochta náisiúnta trí léarscáiliú náisiúnta deifnídeach agus taifid agus seirbhísí geografacha gaolmhara a chruthú agus a chothabháil. Áiríonn sé seo an bonneagar fisiceach bunúsach atá ag teastáil chun tacú le feidhmchláir spásúla a chothabháil agus a fhorbairt, lena n-áirítear eangach náisiúnta agus na creataí geodasacha agus airde náisiúnta a chothabháil agus iad sin a nascadh le córais idirnáisiúnta.

Gnóthaí Corparáideacha

Acmhainní Daonna

Tá ceithre phríomhrannóg san aonad Acmhainní Daonna:

- Forbairt agus Dearadh Eagraíochta;
- Oibríochtaí;
- Acmhainniú;
- Foghlaim & Forbairt.

Ba é an fócas tosaíochta do 2023 ná na trí iar-aonad a thabhairt le chéile in aonad amháin agus polasaithe, próisis agus nósanna imeachta AD a chaighdeánú don eagraíocht nua.

Lean Tailte Éireann le tionscnaimh a chur chun cinn chun ár n-oibleagáidí i leith na foirne agus na gcustaiméirí a chomhlíonadh faoi Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEanála Poiblí.

Tuarascáil ar Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná

In 2023, táirgeadh dhá Thuarascáil maidir le Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná.

- Thuairiscigh an chéad cheann ar iar-fhoireann an Údaráis Clárúcháin Maoine agus na hOifige Luachála, a léirigh, ar an meán, gur thuill fostaithe bainearna 2.52% níos lú ná fostaithe fireanna in aghaidh na huaire.
- Bhain an dara tuarascáil le hiarfhoireann Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a léirigh, ar an meán, gur thuill fostaithe bainearna 0.56% níos lú ná fostaithe fireanna in aghaidh na huaire.

Tá an dá thuarascáil ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI)

Seoladh Grúpa Acmhainní EDI Tailte Éireann i mí Iúil 2023. Chuaigh comhaltaí den Ghrúpa Acmhainní, in éineacht lena gcomhghleacaithe, i gcomhar lena a leithéidí sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí chun páirt a ghlacadh i Pride 2023. Tá Tailte Éireann ina comhalta d'Ionad na hÉireann um Éagsúlacht.

Ionracas ag an Áit Oibre

Tá Tailte Éireann mar chomhalta de Transparency International Ireland agus aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le háit oibre eiticiúil a fhorbairt agus le hionchur luachmhar díobh siúd a ardaíonn imní maidir le héagóir. Chláraigh Tailte Éireann i gcomhair an Gealltanais Ionracais san Áit Oibre.

Gnóthaí Corparáideacha

Airgeadas

Bunaíodh an tAonad Airgeadais trí chumasc na dtrí aonad Airgeadais oidhreachta roimhe seo.

Díríodh in 2023 ar na trí aonad a thabhairt le chéile mar aonad amháin agus na próisis agus nósanna imeachta airgeadais, soláthar, conarthaí soláthraithe agus soláthair, íocaíochtaí agus sonraisc go léir a chumasc.

Rialachas, Comhlíonadh agus Sármhaitheas (GCE)

Tá ceithre phríomhchuid san aonad GCE:

- Rialachas agus Comhlíonadh;
- Bainistíocht Feidhmíochta;
- Rialachas Faisnéise;
- Cosaint Sonraí.

In 2023, d'fhorbair an t-aonad GCE sraith polasaí agus próiseas chun comhlíonadh RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chinntiú, thiomsaigh sé Clár Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí, rinne sé maoirsiú ar fhoilsiú an Chreata Rialachais Chorparáidigh agus an Chreata Comhlíonta. D'fhorbair an t-aonad na struchtúir agus na hacmhainní ábhartha chun feidhmíocht agus tuairisciú eagraíochtúil a aithint agus tacú leo.

Oifig Bainistíochta Chlár (PMO)

Bunaíodh an Oifig Bainistíochta Chlár chun cur chuige comhsheasmhach agus gairmiúil a chinntiú maidir le bainistíocht tionscadail agus lena chinntiú go ndéantar gach tionscadal a aithnítear mar chuid den chlár athraithe a bhainistiú dá réir.

Díríodh in 2023 ar phróiseas saincheaptha a dhearadh do bhainistíocht tionscadail agus do sholáthar oiliúna do bhainisteoirí sinsearacha, d'urraitheoirí tionscadail, do bhainisteoirí tionscadail agus do rannpháirtithe tionscadail. Déanann Bord Bainistíochta Clár faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh maoirsiú ar an PMO agus ar an gclár athraithe.

TFC

Tá ceithre phríomhchuid san Aonad TFC.

- Slándáil agus Líonraí;
- Ailtireacht agus Bonneagar Fiontair;
- Córais Gnó agus Claoclú Digiteach;
- Bainistíocht Faisnéise agus Rialachas Sonraí.

Ba é an príomhfhócas in 2023 ná struchtúr an aonaid a bhunú chun córais agus seirbhísí TF a sholáthar. Bhunaigh an t-aonad clár oibre chun tús a chur le feidhmchláir, freastalaithe, bunachair shonraí agus bonneagar TF eile a chomhtháthú.

Gnóthaí Corparáideacha

Riarachán Corparáideach

Tá dhá phríomhchuid san aonad Riaracháin Chorparáidigh:

- Seirbhísí Corparáideacha;
- Seirbhísí Cartlainne.

Seirbhísí Corparáideacha

Rinneadh na trí iar-rannóg Seirbhíse Corparáidí a athstruchtúrú agus a chomhtháthú in aon rannóg nua amháin. Ba é an príomhfhócas in 2023 ná próisis agus nósanna imeachta a chomhchuíbhíú maidir le bainistíocht eastát agus saoráidí, bainistíocht agus rialachas conarthaí, idirchaidreamh le hOifig na nOibreacha Poiblí ar ár láithreacha reatha agus pleanáil dár gCeannteathrú Corparáideach eatramhach. Tá an t-aonad freagrach freisin as ár dtuairisciú ar úsáid fuinnimh (tá sonraí faoi seo le fáil in [Aguisín 1](#)).

Seirbhísí Cartlainne

Tugadh trí chartlann ar leith na gcomhlachtaí oidhreachta le chéile faoi struchtúr aontaithe amháin agus cuireadh pleanáil chomhordaithe i bhfeidhm do thionscadal Straitéise Cartlainne in 2024.

Tá bailiúchán suntasach taifead ag Tailte Éireann a bhfuil feidhmeanna dlíthiúla agus riaracháin leanúnacha acu agus a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leo do Stát na hÉireann.

Tá aonad Seirbhísí Cartlainne Tailte Éireann, lena n-áirítear cartlannaithe agus bainisteoirí taifead atá cáilithe go gairmiúil, freagrach as rochtain ar chartlanna Tailte Éireann a chaomhnú, a bhainistiú agus a sholáthar agus as comhlíonadh an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 a chinntiú.

In 2023, fuaireamar íomhánna micreascannán digitithe de Leabhair Ainmneacha Chlárlann na nGníomhas, Innéacsanna Talaimh, agus Leabhair Tras-scríbhíne (1708-1929) ó FamilySearch. Cuimsíonn sé seo 1.3 milliún íomhá.

Soláthraimid seirbhísí poiblí a bhaineann le taifid Chlárlann na nGníomhas ó fhoirgneamh Chlárlann na nGníomhas ar Shráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1 agus seirbhísí a bhaineann le taifid Luachála ó Bhloc 2, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Áirítear le seirbhísí soláthar cóipeanna deimhnithe agus simplí, cuardaigh oifigiúla, rochtain ar thaifid agus seirbhísí for-rochtana.

PRÍOMH-STATISTICÍ CHARTLAINNE CHLÁR NA nGNÍOMHAS - 2023

Cóip de chuimhneacháin deimhnithe	4,568
Cóipeanna Bána	1,598
Cuardaigh Oifigiúla	767
Imeachtaí for-rochtana	30
Cuairteoirí ar Chlárlann na nGníomhas	5,097

Gnóthaí Corparáideacha

Taifid Réamh-1970 ón gClár na nGníomhas

Cuirimid seirbhís choinne ar fáil do Rochtain ar thaifid Réamh-1970.

Tá ár Seirbhís Grianghrafadóireachta Digiteach Féinseirbhíse ar fáil saor in aisce do thaifid atá níos sine ná 100 bliana agus chun críocha taighde próbháideach amháin.

TAIFID RÉAMH-1970 ÓN gCLÁR NA nGNÍOMHAS - 2023	
Coinní le custaiméirí	4,541
Leabhair faighte ar ais	27,382
Coinní grianghrafadóireachta digiteacha féinseirbhíse	73

Príomhstaitisticí Luachála Seirbhísí Reatha agus Cartlainne		
Cineál Iarratais	Cur Síos	Líon na ndeimhnithe a eisíodh
Deimhniú luachála reatha	Sliocht deimhnithe ón liosta Luachála atá ann cheana	29
Deimhniú ailt 67	Deimhniú eisithe tar éis luacháil a thairgeadh de bhun iarratais a rinneadh faoi Alt 67 den Acht Luachála 2001	39
Teastas Luachála Stairiúil agus Léarscáil Luachála Deimhnithe	Sliocht deimhnithe ó thaifead na hOifige Luachála ar feadh tréimhse sonraithe agus léarscáil na hOifige Deimhnithe Luachála	334
Cuardach ginearálta ar Thaifid Luachála	Cóipeanna neamhdheimhnithe de thaifid den Oifig Luachála	188
Cuartheanna Custaiméirí ar Oifigí Poiblí		
Cuartheanna custaiméirí		2,022

Gnóthaí Corparáideacha

Maoinchiste Annála samhalta na hÉireann (VRTI)

I mí an Mhárta 2023, tháinig Tailte Éireann chun bheith ina príomh-institiúid rannpháirteach i gCéim III (2023-2025) den tionscadal taighde VRTI. Tógann sé seo ar an gcomhoibriú roimhe seo leis an VRTI chun sé Leabhrán Tras-scríbhíne Chlárlann na nGníomhas a chur ar fáil ar virtualtreasury.ie. Is tionscadal comhoibríoch uile-oileáin agus idirnáisiúnta é an VRTI arna mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann faoi chreat Tionscadal Éireann 2040. Lorgaíonn an tionscadal le foirgneamh

Oifig Taifead Poiblí na hÉireann, a scriosadh le linn oscailt an Chogaidh Chathartha i 1922, a athshamlú agus a athchruthú.

Ballraíocht de Thaisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI)

Lean Tailte Éireann dá bhallraíocht den DRI, ag taisceadh 1,800 íomhá digiteach in 2023 le haghaidh buanchoimeád digiteach. Is stór digiteach náisiúnta neamhbhrabúis é an DRI do shonraí daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Cuireann ballraíocht den DRI ar ár gcumas ionadaithe digiteacha de thaifid ó Chlárlann na nGníomhas a chaomhnú ar bhealach inscálaithe, cost-éifeachtúil agus le dea-chleachtas.

Clárúchán

Clárlann na Talún

Soláthraíonn Clárlann na Talún córas cuimsitheach agus slán de clárúchán talúin. Nuair a chláraítear teideal nó úinéireacht i gClárlann na Talún, déantar na gníomhais a chomhdú sa Chlárlann agus déantar na sonraí ábhartha go léir a bhaineann leis an réadmhaoín agus a húinéireacht a iontráil ar fhóilíonna atá sa Chlár Náisiúnta Talún. Tacaíonn an slándáil teidil a sholáthraíonn clárúchán le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh réadmhaoine. Léiríonn gníomhaíocht chlárúcháin idirbhearta amhail díolacháin, morgáistí agus leasanna i dtalamh. In 2023, bhí infheistíochtaí ar luach €2 billiún, morgáistí arbh fhiú €12 billiún iad, agus díolacháin tithe cónaithe arbh fhiú €24 billiún cosanta mar gheall ar chlárúchán. Tháinig ardú 5% ar líon na n-iarratas ar chlárúchán go léir ón mbliain roimhe go 239,287 agus críochnaíodh 240,365 iarratas.

Clárlann na nGníomhas

Sainmhínítear maoin neamhchláraithe mar mhaoín nach bhfuil an teideal cláraithe go fóill i gClárlann na Talún agus mar sin tá feidhm ag córas Chlárlann na nGníomhas. Is í príomhfheidhm chóras Chlárlann na nGníomhas ná córas tosaíochta a sholáthar trí thíolacthaí agus gníomhais eile a dhéanann difear do mhaoín a thaifeadh.

Bhí an t-éileamh ar sheirbhísí Chlárlann na nGníomhas láidir fós in 2023. Sa bhliain 2023, tugadh cosaint do níos mó ná 28,000 gníomhas trí chlárúchán a thaifeadh i gClárlann na nGníomhas.

Cíosanna Talún

Riarann Tailte Éireann scéim faoinar féidir le húinéirí maoine léasacha a Chíos Talún a cheannach agus a leas a mhéadú go ruíleas. Tugann an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Cíos Talún) (Uimh. 2), 1978, cumhacht do Tailte Éireann an feo shimplí a dhílsiú do thionóntaí tithe cónaithe. Ó tugadh isteach an scéim i 1978, tá breis agus 80,000 iarratasóir tar éis leas a bhaint as an tseirbhís seo agus tá teideal ruílse acu dá réadmhaoín.

- In 2023, cuireadh 768 iarratas den sórt sin isteach.

Tionscnaimh Frithchalaoise

Rinneamar ár n-aonad Frith-Chalaoise a athchumrú, leanadh le thionscnaimh frithchalaoise leanúnacha a chur i bhfeidhm. Rinneamar monatóireacht ar threochtaí leanúnacha calaoise, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, i dteagmháil lenár gcomhghleacaithe i ndlínsí comhchosúla trí líonraí éagsúla, agus leis an nGarda Síochána agus leis an Údarás Rialála Seirbhísí Dí.

Príomhchosaint d'úinéirí cláraithe is ea an tSeirbhís Foláirimh Maoine, a sholáthraíonn foláireamh ríomhphoist nó téacs nuair a chuirtear iarratas ar chlárúchán isteach. Tháinig méadú 25% in 2023 ar úsáid na seirbhíse digití maidir le Foláireamh Maoine.

Clárúchán

Seirbhísí Digiteacha

Landdirect.ie

Is é Landdirect.ie ár bhfeidhmchlár cuardaigh ar líne a chuireann rochtain éasca ar ár seirbhísí clárúcháin ar fáil. Le seo, is féidir teacht ar 2.4 milliún Fóilió agus ar shonraí spásúla gaolmhara agus feidhmíonn sí mar phríomhsholáthraí seirbhísí digiteacha Clárúcháin.

LANDDIRECT.IE - Príomhstaitisticí 2023	
Gníomhartha ar líne	11,800,000
Pleananna teidil, cóipeanna fóilió agus cuardaigh léarscáileanna	180,000
Ionstraimí Cóipeála	31,328

An tSeirbhís Foláirimh Réadmhaoine

Is seirbhís ar líne saor in aisce í an tSeirbhís Foláirimh Réadmhaoine atá ar fáil ar landdirect.ie a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar réadmhaoín chlárúcháin le haghaidh gníomhaíocht chalaoiseach a d'fhéadfadh a bheith ann. Faigheann úsáideoirí na seirbhíse foláireamh nuair a chuirtear iarratas isteach le Clárúchán chun an réadmhaoín a ndéantar monatóireacht uirthi ar an gClár Náisiúnta Talún a nuashonrú. Lean an t-éileamh ar an tseirbhís seo ag fás in 2023.

Ríomhchlárúchán

Cuireann Ríomhchlárúchán raon seirbhísí ar fáil a éascaíonn clárúchán leictreonach na n-idirbheart ar an Clár Náisiúnta Talún.

- In 2023, críochnaíodh 57,633 (24% de chlárúcháin) tríd an tseirbhís ríomhchlárúcháin.

Seirbhísí Aonaid Réadmhaoine Stáit

Tugann an tAonad Réadmhaoine Stáit tacaíocht agus comhoibriú le comhlachtaí earnála poiblí chun cabhrú lena mbainistíocht réadmhaoine ar roinnt bealaí lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do chlárúcháin do thionscadail mhóra bonneagair nó i gcriosanna forbartha straitéisí.

- In 2023, fuair 5,459 iarratas den sórt sin.

Seirbhísí Faisnéise Spásúla

Éascaíonn an tAonad um Fhaisnéis Spásúil comhroinnt agus seachadadh sonraí spásúla agus cuireann sé seirbhísí saincheaptha ar fáil do Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, Údarás Áitiúla agus an earnáil phríobháideach, ag tacú le tionscadail mhóra bonneagair agus eile. In 2023:

- Bhí méadú 13.8% ar ghníomhaíocht SIU agus tháinig méadú ar iarratais ar Theorainn Digiteach agus ar Chlár Leasa Maoine.

Clárúchán

Seirbhís do Chustaiméirí

Thacaigh foireann tiomnaithe de sheirbhís do chustaiméirí lenár gcustaiméirí lena gcuid fiosrúchán Clárúcháin:

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ CLÁRÚCHÁIN 2023	
Glaonna teileafóin	46,000
Ríomhphoist faighte	28,968

Luacháil

Clár Náisiúnta Athluachála

De réir na nAchtanna Luachála 2001, arna leasú, tá clár náisiúnta ar bun le haghaidh athluacháil gach réadmhaoine tráchtála agus tionsclaíochta sa Stát. Is é seo an chéad chlár náisiúnta athluachála ó lár an naoú haois déag agus is tosaíocht straitéiseach é don Rialtas.

Tá thart ar 150,000 réadmhaoine tráchtála agus tionsclaíochta faoi dhliteanas rátaí a íoc in Éirinn. Is é cuspóir na hathluachála dliteanais rátaí tráchtála a athdháileadh i measc íocóirí rátaí bunaithe ar luachanna cíosa an mhargaidh nua-aimseartha.

Is gné lárnach de Phlean Straitéiseach Tailte Éireann é an Clár Náisiúnta Athluachála a sheachadadh agus bhí sé ina phríomhthosaíocht le linn 2023.

Digitíú

Cuireadh córas TF úrscothach i bhfeidhm a tháinig in ionad an Chórais Luachála TFC a raibh ag feidhmiú.

Cuimsíonn an córas seo na sonraí rátála go léir atá i seilbh Luachála agus cuireann sé comhéadan digitithe ar fáil d'Údaráis Áitiúla.

REVAL2023

Críochnaíodh céim mhór den Chlár Náisiúnta Athluachála – ar a dtugtar REVAL2023. Mar thoradh air seo rinneadh athluacháil ar thart ar 33,000 réadmhaoine i limistéir na n-údarás rátála de Chomhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Chláir, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chiarraí agus Mhaigh Eo agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tábla – Deimhnithe Luachála REVAL2023 eisithe

ÚDARÁS ÁITIÚIL	DEIMHNITHE EISITHE
Comhairle Contae An Chláir	4124
Comhairle Chontae Dhún Na Ngall	5973
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin	5075
Comhairle Cathrach Na Gaillimhe	3520
Comhairle Chontae Na Gaillimhe	4445
Comhairle Chontae Chiarraí	5285
Comhairle Chontae Mhaigh Eo	4495
Iomlán	32917

Luacháil

Athbhreithniú ar an Luacháil

Déanann Luacháil Tailte Éireann an Clár Athbhreithnithe Náisiúnta, maidir le cothabháil leanúnach na liostaí luachála, ar iarratas ó íocóirí rátaí agus údaráis áitiúla.

Achoimre ar Chlár Athbhreithnithe 2023

Catagóir Athbhreithnithe	Líon na gcásanna
Iarratas athbhreithnithe próiseáilte	3,132
Iarratais athbhreithnithe ar siúl ag deireadh 2023	5,553
Foirgnimh nua luacháilte	484
Athruithe agus síntí luacháilte	792

Achomhairc chuig an mBinse Luachála

Féadfaidh íocóirí rátaí atá míshásta le haon ghné de dheimhniú luachála a eisítear achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála.

Bhí 1,050 achomharc ar siúl ag an mBinse ag tús 2023. Áiríodh orthu sin achomhairc athbhreithnithe agus athluachála. Bhí Achomhairc Athluachála 2019 mar thromlach.

Achomhairc arna ndéanamh chuig an mBinse Luachála 2023

Cineál Achomhairc	An Líon Cásanna Achomharctha
Achomhairc Athbhreithnithe	54
Achomhairc Athluachála	1533

Achomhairc a Críochnaíodh 2023

Cineál Achomhairc	Líon na nAchomhairc a Críochnaíodh
Achomhairc Athbhreithnithe	193
Achomhairc Athluachála	466
Iomlán	659

Luacháil

Luacháil Maoine Stáit

Soláthraíonn Tailte Éireann seirbhís luachála ghairmiúil do Ranna Rialtais éagsúla, do Ghníomhaireachtaí Stáit agus do chomhlachtaí poiblí eile. Baineann an obair seo le luachálacha caipitil agus cíosa, lena n-áirítear luachálacha chun críocha athbhreithnithe cíosa.

I rith 2023, lean an tseirbhís Luachála Maoine Stáit ag cur le caighdeáin, faoi Scéim Chláraithe Luachálaí RICS (VRS). Déantar gach luacháil chun críocha luacha margaidh de réir na gCaighdeán Luachála Idirnáisiúnta (IVS) 2022 agus Luacháil RICS – Caighdeán Dhomhanda (“Leabhar Dearg”) 2022.

Tháinig Rialacháin an Achta fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún 2021 (Luacháil ar Thalamh Poiblí Ábhartha) 2023 i bhfeidhm go luath in 2023, agus chuir an tseirbhís Luachála Maoine Stáit tús le seachadadh ról reachtúil Tailte Éireann maidir le luachálacha a sholáthar a d'éascaigh aistriú tailte ó chomhlachtaí poiblí ábhartha chuig an LDA.

Achoimre ar Aschur Luachálacha Maoine Stáit, 2023

Cineálacha Luachálacha	Líon na Luachálacha	Líon na Réadmhaoine
Cásanna Ciorcláin 11/15 (Luach Margaidh)	36	36
Luachálacha Sócmhainní (Luach Cóir)	19	169
Luach Margaidh (seachas C11/15)	46	46
Luachálacha Cíosa	99	105
Comhairle Luachála	4	4
Luachálacha Ceannaigh Amach	4	4
Iomlán	208	364

Suirbhéireacht

Soláthraíonn feidhm Suirbhéireachta Tailte Éireann an tseirbhís náisiúnta léarscáilochta sa Stát, ag cruthú agus ag cothabháil léarscáilíú náisiúnta deifnídeach agus taifid gheografacha ghaolmhara an Stáit. Áirítear leis seo an bonneagar fisiceach bunúsach atá ag teastáil chun tacú le feidhmeanna spásúla a chothabháil agus a fhorbairt, lena n-áirítear eangach náisiúnta agus na creataí geodasacha agus airde náisiúnta a chothabháil agus iad sin a nascadh le córais idirnáisiúnta.

Tá ceithre phríomhaonad san Fheidhm Suirbhéireachta:

- Suirbhéireacht, Cianbhraiteacht, Geodasaíocht agus Teorainneacha;
- Oibríochtaí Geospásúla;
- Straitéis agus Seirbhísí Geospásúla;
- Seachadadh Seirbhíse.

Suirbhéireacht, Cianbhraiteacht, Geodasaíocht agus Teorainneacha

Tá an t-aonad seo freagrach as an gcéad ghlúin eile de léarscáilíocht údarásach agus de thaifid gheografacha ghaolmhara an Stáit a chothabháil agus a chruthú. Úsáideann sé nuálaíochtaí i suirbhéireacht agus modheolaíochtaí agus cleachtais chianbhraiteacha, ag baint leasa as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

SUIRBHÉIREACHT, CIANBHRAITEACHT, GEODASAÍOCHT AGUS TEORAINNEACHA 2023	
Íomhánna ón aer gafa	25,381 km ²
Orta-ghrianghrafadóireacht a tháirgtear	34,695 km ²
Samhlacha airde a tháirgtear	23,665 km ²
Foirgneamh iomlán gafa	50,407
Tógadh foirgneamh inseolta	19,212

Oibríochtaí Geospásúla

Tá an t-aonad seo freagrach as na córais, na polasaithe agus na caighdeáin a sholáthar a chinntíonn go rialáitear faisnéis gheospásúil go haonfhoirmeach, go ngabhtar uair amháin í agus a chinntíonn slándáil agus cruinneas.

Tá sé freagrach freisin as sonraí geospásúla comhtháite, inrochtana, táirgí agus seirbhísí a sholáthar a thugann léargas ar shuíomhanna agus a fhreagraíonn d'éilimh na gcustaiméirí agus don teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn.

OIBRÍOCHTAÍ GEOSPÁSÚLA 2023	
Soláthairtí digiteacha sonraí	956
Táirgí seirbhísí gréasáin atá os comhair an phobail	318
Foilseacháin léarscáileanna páipéir	35,800

Suirbhéireacht

Straitéis agus Seirbhísí Geospásúla

Tá an t-aonad seo freagrach as Bonneagar Geospásúil Náisiúnta don Stát (GeoHive) a fhorbairt agus a bhainistiú, a sholáthraíonn rochtain láraithe ar shonraí geospásúla údarásacha.

Córas GeoHive	Ábhar GeoHive: Moil, Seirbhísí, Aipeanna, Deais
Príomh-Mhol Sonraí GeoHive	151
Mol Sonraí Daonáirimh 2016	511
Mol Sonraí COVID-19	124
Sonraí Monatóir Forbartha Réigiúnaí (RDM) Mol	146
Mol Sonraí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)	234
Mol Sonraí Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach Daonnúil	60
Geothairseach INSPIRE	126
Amharcóir Léarscáile Íogaireachta Comhshaoil	1
Amharcóir Léarscáile Réadlann Tithíochta Bhaile Átha Cliath	1

Seachadadh Seirbhíse

Tá an t-aonad seo cumraithe chun tacú le custaiméirí ar conradh, le díolacháin phoiblí ginearálta trí ghníomhairí díolacháin fisiceacha agus trínár gcóras Ríomhthráchtála.

IDIRBHEARTA RÍOMHTHRÁCHTÁLA	
Orduithe próiseáilte	48,529
Idirbhearta féinseirbhíse	45,536
Idirbhearta le cuidiú ó fhoireann	2,993

Brandáil, Imeachtaí agus For-Rochtain

Brandáil agus Féiniúlacht

Tá Tailte Éireann ar aon dul le féiniúlacht amhairc aontaithe Rialtas na hÉireann. Is é cuspóir an chur chuige aontaithe é a dhéanamh níos fusa don saoránach a bheith ar an eolas nuair a bhíonn siad ag déileáil le haonán Rialtais. Is dearadh é atá dírithe ar an úsáideoir a shimplíonn castacht don phobal trí bhranda atá so-aitheanta.

Suíomh Gréasáin

Is é ár suíomh gréasáin an príomh-mhodh cumarsáide leis an bpobal. Forbraíodh suíomh gréasáin nua, Tailte.ie, chun ábhar ó na trí shuíomh gréasáin bhunaidh a thabhairt le chéile ar shuíomh gréasáin comhtháite agus aontaithe.

STATISTICÍ SUÍMH GHRÉASÁIN 2023	
Cuairteanna	154,815
Amhairc leathanaigh	560,364
Íoslódálacha	29,586

Na Meáin Shóisialta

Chruthaíomar próifílí meán sóisialta do Tailte Éireann ar Twitter/X, LinkedIn, Facebook agus Instagram. Ligeann na meáin shóisialta dúinn feasacht a ardú ar an eagraíocht agus dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal mór.

Tá ábhar trasfheidhmeach comhtháite cruthaithe againn a chuidíonn le braistint aitheantais a chruthú do Tailte Éireann. Mar shampla, ghlacamar páirt san fheachtas bliantúil 'Cumann na gCartlann agus na dTaifead - Féach ar do Chartlann', áit ar chruthaigh muid ábhar meán sóisialta digiteach ailínithe le haischlibeanna a bhfeachtais.

Lucht leanúna na Meán Sóisialta - Nollaig 2023

Cainéal Meán Shóisialta	Líon Leantóirí
LinkedIn	1,436
Twitter/X	569
Facebook	309
Instagram	199

Brandáil, Imeachtaí agus For-Rochtain

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus Imeachtaí

Ba é an cur chuige a bhí againn in 2023 ná díriú ar imeachtaí spriocdhírthe chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha agus feasacht ar an eagraíocht a ardú.

Cuimsítear leis seo:

- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta,
- Comhdháil TFC na hEarnála Poiblí;
- Comhdháil Luachála Eorpach IPAV;
- Comhdháil an Rialtais Dhigiteach.

Chomh maith leis sin, bhíomar i dteagmháil go forleathan le Foireann Rátála na nÚdarás Áitiúil agus leis an mBinse Luachála maidir le feidhmiú ár gcóras TFC Luachála nua den scoth.

Mar chuid de REVAL2023, thionóileamar clinicí siúlóide isteach d'Íocóirí Rátaí ar eisíodh a nDeimhnithe Luachála i rith mhí Mheán Fómhair.

Clár For-Rochtana Seirbhísí Cartlainne

In 2023, reáchtáileamar 30 imeacht for-rochtana ar fhreastail 556 duine orthu.

- Reáchtáladh 13 thuras 'i láthair go pearsanta' de chuid an Chlub Cultúir i gcomhpháirtíocht le Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;
- Ghlacamar páirt i Seachtain na hOidhreachta;
- Oíche Chultúir;
- Féile na Staire;
- Féach ar Do Chartlann;
- Teach Oscailte 2023;
- Rinneamar óstáil freisin ar thurais ghrúpa acadúla le mic léinn ó UCC, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh;
- Chuireamar turais ar fáil ar iarratas do Ghrúpaí éagsúla Stair Teaghlaigh, Stair Áitiúil agus Pobail;
- Reáchtáil muid Cúig chaint dar teideal 'Introduction to the Valuation Archives through stories of...' le go leor ábhar éagsúil lena n-áirítear:
 - Caisleáin na hÉireann;
 - Ról na dTiarnaí Talún le linn an ghorta mhóir agus ina dhiaidh;
 - Tithe Sábháilte 1916-1922.
- Ina theannta sin, tugadh an cur i láthair ar 'Ról na dTiarnaí Talún le linn an ghorta mhóir agus ina dhiaidh' san Epic Museum mar chuid d'Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.

Tuarascáil Airgeadais

Táillí Faighte

B'ionann na táillí a fuair Fáilte Éireann agus €87.5m in 2023. Seoltar táillí, arb ionann iad agus Fáltais Bhreise Státchiste, a bhailíonn Tailte go díreach chuig an Státchiste ar bhonn seachtainiúil.

TÁILLÍ BAILITHE AG TAILTE ÉIREANN	€000
Táillí Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas	75,055
Táillí Léarscáilithe	12,396
Táillí a bhaineann le Cíos Talún	50
TÁILLÍ IOMLÁN	€87,501

Caiteachas

Tá Tailte Éireann maoinithe go díreach ag an Státchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil de Chaiteachas Vótáilte. B'ionann an glanchaiteachas iarbhír ó Vóta Tailte Éireann do 2023 agus €75.3m.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tá sé mar pholasaí ag Fáilte Éireann téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a chomhlíonadh go hiomlán. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Tailte Éireann chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta deartha chun a chinntiú go gcomhlíontar an tAcht, ní thugann siad ach ráthaíocht réasúnta agus ní ráthaíocht iomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. In 2023, thabhaigh trí shonrasc pionóis maidir le híocaíocht dhéanach.

Tuarascáil Airgeadais

Ráiteas Caiteachais

CAITEACHAS	€000
Tuarastail & Pá	51,654
Taisteal & Cothabháil	595
Cúiteamh agus Táillí Dílthiúla	533
Logeolaire	48
Oiliúint	326
Glantachán	465
Ilghnéitheach	1,831
Comhairliúchán	118
Post	721
Teileachumarsáid	606
TF Reatha	10,206
Caipiteal TF	5,361
Innealra & Soláthairtí Oifige	249
Ábhair agus Costais Táirgthe Léarscáilithe	321
Cothabháil Oifige	462
Solas & Teas	908
Troscán Oifige	101
Tionscadail Náisiúnta Athluachála	1,370
Léarscáiliú agus Suirbhéireacht Náisiúnta	1,108
Cartlanna um Chlárúchán Réadmhaoine agus Digitithe	85
OLLCHAITEACHAS IOMLÁN (VÓTA 16)	77,068
Asbhaint a Bhaineann le Pinsean	(1,492)
Leithreasaí Eile i gCabhair	(196)
GLANCHAITEACHAS (VÓTA 16)	75,380

Tuarascáil Airgeadais

Costais Comhroinnte

Chomh maith leis na costais a thabhaíonn Tailte Éireann go díreach, ní mór costais eile, arna dtabhú ag Ranna agus Oifigí eile, a mheas chun léargas iomlán a thabhairt ar chostas bainistíochta Tailte Éireann.

Mar sin méadaítear an caiteachas iomlán in 2023 go €100.1m, agus na costais chionroinnte seo a leanas á gcur san áireamh:

- €19.6m faoi Vóta 12 - Aoisliúntas agus Liúntais Scoir;
- €2.6m faoi Vóta 10 - Oifig na nOibreacha Poiblí;
- €0.17m faoi Vótaí 18 agus 24 - Seirbhísí Comhroinnte;
- €0.03m faoi Vóta 43 OGCIÓ;
- €2.3m de chíosanna barúlacha ar réadmhaoin faoi úinéireacht an Stáit.

COSTAIS FOIRNE & UIMHREACHA FOSTAITHE	2023
Foireann ag Freastal ag deireadh na Bliana	898
	€000
Pá	46,003
Liúntais	254
Ragobair	1,260
ÁSPC an Fhostóra	4,126
COSTAIS IOMLÁN FOIRNE	€51,643

Nóta: Is státseirbhísigh iad foireann uile Tailte Éireann agus mar sin íoctar iad go docht de réir Chiorcláin Pá na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tuarascáil Airgeadais

Táillí agus Costais an Bhoird

Tá an táille bhliantúil atá iníoctha le Comhaltaí an Bhoird don bhliain 2023 de réir an ráta ceadaithe ag an Aire Airgeadais atá mar seo a leanas faoi láthair:

- Cathaoirleach an Bhoird: €20,520 in aghaidh na bliana
- Comhaltaí an Bhoird €11,970 in aghaidh na bliana.

De réir threoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe NDP, níor íocadh aon táillí le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhí ar an mBord le linn 2023.

Le linn 2023:

Íocadh iomlán de €42,959 i dtáillí le Comhaltaí Bhord Tailte Éireann. B'ionann íocaíochtaí taistil agus cothabhála do Chomhaltaí agus €1,404.

Cruinnithe Boird

Bhí an Bord, lena n-áirítear an Cathaoirleach, comhdhéanta de sheachtar comhalta, ceathrar ban agus tríúr fear. Tionóladh sé chruinniú in 2023.

Léirítear sa tábla seo a leanas líon na gcrúinnithe a reáchtáladh le linn bhallraíocht gach Comhalta Boird in 2023 agus líon na gcrúinnithe ar fhreastail gach Comhalta orthu.

Comhalta	Cruinnithe a reáchtáladh le linn ballraíochta in 2023	Líon na gcrúinnithe ar freastalaíodh orthu
David McGarry	6	6
Martin Sisk	6	6
Deirdre O'Keeffe	6	6
Rowena Mulcahy	6	6
Mary Keane	6	6
Gerry Quinn	6	5
Shirley Coulter	6	6

Aguisíní

Aguisín 1

Úsáid Fuinnimh

Is iad na staitisticí fuinnimh 2023 ar fud Tailte Éireann:

Foirgnimh

- Leictreachas: 2,312 MWh
- Gás nádúrtha: 1,728 MWh
- Ola téimh (gás-ola & ceirisín): 102 MWh
- Bithmhais soladach (millíní adhmaid): 176MWh

- **Breosla iompair** (díosal iontaise & bithbhreosla): 481MWh



Tailte
Éireann



**Tailte
Éireann**

Clárúchán, Luacháil,
Suirbhéireacht
Registration, Valuation,
Surveying

Tailte Éireann Annual Report

2023



Our Mission

To provide trusted land registration, valuation and surveying services that benefit Irish society and the economy

Our Vision

